# Aithin mé dot oide, a Eoin

[McKenna, L.: *Dán Dé: The poems of Donnchadh Mór Ó Dálaigh, and the religious poems in the duanaire of the Yellow Book of Lecan*, Dublin, 1922, poem 1]

Tadhg Óg Ó hUiginn

1 Aithin mé dot oide a Eoin
mór baoghal breithe Micheoil
ní bheith gan eire m'aithne
do bhreith meidhe an mheasraighthe.

2 Mór a fhearg ní hiongnadh dhó
do chaithfinn m'aithne d'Íosa.
gan fhior sgeoil éigin as m'ucht
a Eoin ní héidir mh'fhurtocht

3 Déana dot oide ar n-aithne
gabh chugat mo chomairche
a Eoin Bruinne bí ar mo chuid
ní as uille ná mar iarrmuid.

4 Dul don tigh i dtá t'aithne
agus méad mo mhearaighthe
ní fhéadfainn a Eoin Bruinne
gan réaltainn eoil aguinne.

5 Ceannach an nighei-sin ar nimh
tabhair oram ar éigin
ná heirg i gceann áise a Eoin
gá fearr m'áis-se ná m'aindeoin

6 Ná tí díot gidh deacair sin
m'fhulang gan iris creidimh
ná tí dot oide a easbail
ní as fhaide iná ar fhuilngeasdair.

7 Tighearna tighe nimhe
i n-éaruic a oirbhire
dá rabh im aghaidh a Eoin
labhair dhamh ris an Doirseoir.

8 An t-asbal do áirimh mé
do mhuinntir Meic na hóighe
is an lucht fhuil gan áireamh
cuir as t'ucht dom fhuráileamh.

9 Tú easbal do b'annsa leis

a-táthair ort ’gá aithris
acht gér ionmhuin gach easbal
’n-a iomdhaidh rod aileasdar.

10 Seach na heasbalaibh eile
do bhí t’onóir d’áiridhe
do leigeadh sé a rún rut-sa
a ghlún do b’é th’adhart-sa.

11 Gur bh’é Iobhas as fhear braith
duid do innis an t-Ard-fhlaith
ní uime mar gach n’asbal
Rí an chruinne do chanasdar.

12  Is é so comhrádh do chan
uan Muire i measg na n-easbal
cionnus libh dá mbeath dom brath
neach is tigh ar mo theaghlach.

13  Rí na ndúl a-dubhairt ruibh
nach biadh acht éanlá eadruibh
dia Céadaoin re n-a chrochadh
do éagaoin Dia an dealochadh.

14  Éigin dó dealoghadh ruibh
deacair lat gan a leanmhuin
níor dhocra lat iná lais
a mhac ochta ’n-a éagmhais.

15 Tú do lean fa dheireadh dhe
tú fhuair Íosa a Eoin Bruinne
gan acht éanógh ré aghaidh
ar n-éalódh dá easbalaibh.

16 A héisdeacht níor fhulang lat
guth na hóighe ré héanmhac
an truagh lat ar Moire mé
gan mhac oile dot éis-se.

17 Mac ar seathar leath ar leath
dán hainm Eoin ar Dia dúileach
beir lat a Mhoire an mac-sa
mar mhac oile im ionad-sa.

18 Dá adhbhar a Eoin Bruinne
nar bh’ iongabhtha aguinne
tú it sheise dhéidheanach dhí
d’éinfheadhach meise is Muire.

19 Cúig chéadfhadha mo cholla
a-tú i n-éigin eatorra
a éan coluim ar cheannsa
féagh oruinn san éigean-sa.